



Technological University Dublin  
ARROW@TU Dublin

---

Articles

School of Culinary Arts and Food Technology

---

1991

## Striopachas na bhFear i Londain

Máirtín Mac Con Iomaire

*Technological University Dublin*, [martin.macconiomaire@tudublin.ie](mailto:martin.macconiomaire@tudublin.ie)

Follow this and additional works at: <https://arrow.tudublin.ie/tfschafart>

 Part of the [Arts and Humanities Commons](#), and the [Social and Behavioral Sciences Commons](#)

---

### Recommended Citation

Mac Con Iomaire, M. (1991). Striopachas na bhFear i Londain. *Comhar. Imleabhar* 50, Uimhir 11, lth.64-65, DOI: 10.21427/d7cf50

This Article is brought to you for free and open access by the School of Culinary Arts and Food Technology at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Articles by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact [arrow.admin@tudublin.ie](mailto:arrow.admin@tudublin.ie), [aisling.coyne@tudublin.ie](mailto:aisling.coyne@tudublin.ie), [vera.kilshaw@tudublin.ie](mailto:vera.kilshaw@tudublin.ie).



An  
Mac  
Léinn

# STRIAPACHAS NA bhFEAR I LONDAIN

**T**harla go raibh mé sáinnithe i Londain agus gan oiread is luach ticéad an bháid agam. Bhí an t-ádh orm cúpla cara a bheith agam a raibh "squat" acu agus, ar a laghad, bhí leaba thirim agam. Bhí mo chairde ar an ngannchuid, freisin, áfach. Bhíomar ag brath ar dhéirc phaisinéirí an *Underground* d'ár ndinnéar, muid ag seinm ceol gaelach agus ag seachaint pólíní.

Chualamar faoi áit a bhféadfadh fir óga nó fir mheánaosta a bhí láidir agus fós aclá dul agus airgead a shaothrú. Bhí sé ráite linn nach raibh aon gheallúint go saothrófaí pingin ach gur bhraith sé ar cé a tháinig agus cén saghas a bhí ag teastáil. Bhí leaid amháin sa teach linn a chaith cúpla lá ar thaobh na sráide seo ag faire ar a sheans gan aon toradh. Tháinig sé abhaile, é fuar, fós bocht agus pé féinmhuiúní a

bhí aige caillte.

Moladh dúinn gléasadh go cuí nó nach mbeadh seans go bpiocfaí suas muid. Nuair a fuair mise an chéad tairiscint, dúirt fear an chairr liom gur mar gheall ar mo bhuataisí móra leathair a roghnaigh sé mé. Dúirt sé gur léirigh mo chuid éadaí cé chomh dáiríre is a bhí mé faoi mo ghairm!

Is é "The Broadway" ainm na sráide cáiliúla seo agus is i gceantar Cricklewood i dtuaisceart Londan atá sé. Tá cáil ar shráid Líosán nó Cearnóg Mhic Liam i mBaile Átha Cliath ach ní fhaca mé a leithéid seo riamh cheana. Bhí sé soiléir go raibh fadhbanna geilleagair i Sasana leis an méid fear, idir óg agus aosta, a bhí ag díol a gcorp leis an tairgeoir ab fhéarr. Bhí ciúnas aisteach ar an tsráid, suas le céad fear agus iad ag seachaint súile a chéile. Thiománaadh na carranna nó na veaineanna suas go mall ag sraothéachaint orainn uilig. Bhí sé soiléir go raibh saghas náire ar chuid de na tiománaithe, go háirithe orthu sin a bhí ar an mBroadway den chéad uair. Ba é an cleas ná breith ar a súil agus bhí seans éigin ann go bpiocfaí thú.

Bhí riail eile ann gur shocraigh tú cúrsai pá agus cén saghas seirbhise a bhí ag teastáil sular shuigh tú isteach. Bhí £30 ar an ráta pá ab ísle. Chuaigh an ráta i méid i gcomhréir le cé chomh salach ná dainséarach is a bhí an obair.

Ní istoíche ach go moch ar maidin, idir leathuair tar éis a sé agus a hocht is gnóthaí a bhíonn an Broadway. Díol corp fear atá i gceist agam ach ní ar son gnéis a fhostaítear thú. Obair throm tógála atá i gceist, tochait bunsraithe ná draenacha. Obair dhainséarach í an scartáil gan trealamh ceart a bheith ar fáil.

Ní hé go bhfuil faitíos orm roimh obair chrua ach a mhalaírt, bainim taitneamh aisti. Is éard a chuir sceon ormsa ná go gcaitheann breis agus céad fear a bhfearúlacht a mhaslú trí sheasamh ar thaobh sráide roimh bhreacadh an lae, ag súil go dtuillfidh siad pá lae a choinneoidh bia leo. Thuig mé agus mé i mo sheasamh ansin an

chéad mhaidin cé chomh truamhéalach is atá cás na mbán nach bhfuil de rogha acu ach seasamh ar chuínní i gceantair shuaracha an tsolais dheirg i gcathracha an domhain.

Ní thugann an bochtanas aon aird ar dhínit phearsanta an duine.

Máirtín Mac Con Iomaire

## IS CUMA LE FEAR NA mBRÓG CÁ LEAGANN SÉ A CHOS!

*ach*

## BEIR LEAT DO WELLINGTONS CHUIG AN mBRUISÉIL!

Tar éis dom cupla lá a chaitheamh i mo chónaí sa Bruiséil, bhí de thuairim agam go mbeadh "fear na mbród" féin amhrasach cá leagfadh sé a chos sa chathair seo! Tá bunús ládir agam leis an tuairim seo. Ar an gcéad dul síos, tá cosáin na cathrach seo ar aon dul le clós na Tríonóide, dá samhlófá gan aon dá leac ann a bheith ar comhleibhéal. Fágann sé seo go mbíonn coisithe na cathrach go síoraí ag baint truisle astu féin agus iad ag iarraidh píosa siúlóide a chur díobh.

'Séard a chuir ag smaoineamh ar "fhear na mbród" an chéad lá riamh mé, ná an lón mór siopáí gréasaí atá sa Bruiséil. B'fhacthas dom gurb ionann a lón agus lón na dtithe tábhairne ar shráideanna bhalte na hÉireann, (cé gur mó mo shuim féin sna láithreacha dí ná sna láithreacha bonnacha agus sála!) Ní baol choíche do cheird an ghréasaí bród sa chathair seo.

Tá údar eile gearán ag coisithe na cathrach seo, áfach. Tá sé do-dhéanta cupla slat a shiúl gan salachar madra a bheith romhat sa tslí, agus geallaim daoibh nach deas an feic é seo go moch ar

maidin is tú ag deifriú chun na hoibre! Caithfidh sé go bhfuil níos mó cac madra ar shráideanna na Bruiséile ná mar atá in áit ar bith eile ar domhan. Gan trácht ar an mboladh bréan agus ar an salachar a chruthaíonn a leithéid, tá an áilleacht a bhaineann le stíl ailtireachta na Bruiséile - "*l'art nouveau*" agus "*l'art déco*", á chur amú ar an spaisteoir ó tharla é a bheith ró-ghafa ag iarraidh a bhealach siúlóide a chur de go slán. Tógann sé níos faide achar siúil a dhéanamh anseo seachas i mBaile Átha Cliath ó tharla do dhá shúil a bheith diríthe ar an gcosán thíos fút go síoraí.

Níor rith sé liom go dtí gur tháinig mé anseo, cé chomh tábhachtach is atá plásoga féir

